STAIR NA HÉIREANN I 100 RÉAD, ROGHA DÍOBH

PLEAN CEACHTA RANG 5 AGUS 6

Pota Cócaireachta Folamh 19ú hAois

Is beag an méid trua a bhí ag cuid mhór úinéirí móra talún do na daoine bochta le linn an ghorta mhóir agus lean siad de dhaoine a chur as seilbh nuair nach raibh siad in ann an cíos a íoc.

Ach rinne cuid mhór daoine iarracht cabhair a thabhairt. Sa bhliain 1847 amháin, fuair 40 ministéir Protastúnach bás d'fhiabhras an ghorta - tífeas, agus iad ag iarraidh cabhrú le daoine a bhí stiúgtha leis an ocras.

D'oibrigh Cumann na gCarad nó na Caecair go crua chun bia agus faoiseamh a chur ar fáil le linn an Ghorta Mhóir.

Chuir an náisiún Meiriceánach Dúchasach Choctaw airgead go hÉirinn chun cabhrú leis na daoine a bhí stiúgtha leis an ocras le linn an ghorta mhóir.

Bhí an Gorta Mór ar na gortaí ba mheasa riamh i stair an domhain. Chaill Éire beagnach an tríú cuid dá daonra, idir dhaoine a fuair bás agus dhaoine a chuaigh ar imirce.

Is tionscadal é seo de chuid POST THE IRISH TIMES museum National Museum of Ireland Ard-Mhúsaem na hÉireann RIA Acadamh Ríoga na hÉireann Royal Irish Academy